**Ó:** Ni Mhurchu, Sile
**Seolta:** Monday 9 May 2022 11:27
**Chuig:** Eoghan O Cruadhlaoich
**Ábhar:** Aighneacht

Cló - Litir Chumhdaigh.doc
345 KB

Cló - Doiciméad Aighneachta.docx
24 KB

A Eoghain, a chara,

Tá litir chumhdaigh agus aighneacht ó Ghrúpa Maoirseoireachta Chló Léann na Gaeilge faoi iamh leis seo.

Le gach dea-ghuí,

Síle Ní Mhurchú


Síle Ní Mhurchú PhD | Léachtóir/Lecturer, Roinn na Nua-Ghaeilge/Dept of Modern Irish |

Comhordaitheoir an MA sa Ghaeilge agus i nDlí na hEorpa/Coordinator of the MA in Irish Language and European Law http://www.ucc.ie/en/ckd49/
Próifíl Taighde/Research Profile: http://research.ucc.ie/profiles/A006/snimhurchu

Cló
Cló Léann na Gaeilge

# Cló Léann na Gaeilge

f/ch COMHAR, 47 Sráid Harrington, baile Átha cliath 8
+353 – 1 – 6751922 www.clo.ie clo@comhar.ie @CloLeann

Grúpa maoirseachta: Charles Dillon, Aengus Finnegan, Liam Mac Amhlaigh, Marcas Mac Coinnigh, Sorcha Nic Lochlainn, Katie Ní Loingsigh, Síle Ní Mhurchú, Liam Ó hAisibéil

Feidhmeannach Riaracháin agus Gnó: Elly Shaw Feidhmeannach Foilsitheoireachta: Jennifer Gorissen

Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge
3 Bealtaine 2022

A chairde,

Is léachtóirí ollscoile agus taighdeoirí sinne agus is baill sinn de Choiste Maoirseoireachta Chló Léann na Gaeilge. Inphrionta nua acadúil is ea Cló Léann na Gaeilge (**CLÓ**) a fhoilsíonn saothair Ghaeilge ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Tá dhá shaothar foilsithe againn go dtí seo, *Léachtaí Uí Chadhain* in eagar ag Liam Mac Amhlaigh agus Caoimhín Mac Giolla Léith (2020) agus *Ó Chleamairí go Ceamaraí: Drámaíocht agus Taibhealaíona na Gaeilge faoi Chaibidil* in eagar ag Róisín Ní Ghairbhí, Éadaoin Ní Mhuircheartaigh agus Pádraig Ó Liatháin (2021). Tá go leor saothar eile ar na bacáin againn agus tá tuiscint mhaith dá réir sinn againn ar na dúshláin a bhaineann le foilsitheoireacht acadúil na Gaeilge. Cuirimid ár dtuairimí faoi bhráid an Choiste san Aighneacht faoi iamh leis an litir seo agus táimid sásta teacht i láthair i seisiún poiblí ag cruinniú Coiste amach anseo.

Le gach dea-ghuí,

Charles Dillon, Acadamh Ríoga na hÉireann c.dillon@ria.ie
Aengus Finnegan, Ollscoil Luimnigh aengus.finnegan@ul.ie
Liam Mac Amhlaigh, Ollscoil Mhá Nuad lmacamhlaigh@hotmail.com
Marcas Mac Coinnigh, Ollscoil na Banríona m.maccoinnigh@qub.ac.uk
Sorcha Nic Lochlainn, Coláiste na hOllscoile Corcaigh sorcha.niclochlainn@ucc.ie
Katie Ní Loingsigh, Ollscoil na Gaillimhe katie.niloingsigh@nuigalway.ie
Síle Ní Mhurchú, Coláiste na hOllscoile Corcaigh s.nimhurchu@ucc.ie
Liam Ó hAisibéil, Ollscoil na Gaillimhe liam.ohaisibeil@oegaillimh.ie

An Grúpa Maoirseachta,
**Cló Léann na Gaeilge**

## RÉAMHRÁ

Is scoláirí gairmiúla Gaeilge sinn go léir agus tá saothair thaighde acadúla foilsithe againn a bhaineann lenár sainspéiseanna laistigh de ghort Léann na Gaeilge. Ina theannta sin, táimid inár mbaill de Choiste Maoirseoireachta Chló Léann na Gaeilge a bunaíodh sa bhliain 2019. Inphrionta nua acadúil is ea Cló Léann na Gaeilge (**CLÓ**) a fhoilsíonn saothair Ghaeilge ar an gcaighdeán idirnáisiúnta is airde. Tá dhá shaothar foilsithe againn go dtí seo, *Léachtaí Uí Chadhain* in eagar ag Liam Mac Amhlaigh agus Caoimhín Mac Giolla Léith (2020) agus *Ó Chleamairí go Ceamaraí: Drámaíocht agus Taibhealaíona na Gaeilge faoi Chaibidil* in eagar ag Róisín Ní Ghairbhí, Éadaoin Ní Mhuircheartaigh agus Pádraig Ó Liatháin (2021). Tá go leor saothar eile ar na bacáin ag **CLÓ** agus tá breis eolais faoi ar fáil ar an suíomh idirlín https://clo.ie/ga .

Tá sé i gceist go mbeadh **CLÓ** mar bhonn agus mar thaca faoi thaighde agus scoláireacht na Gaeilge agus tá sé mar aidhm ag **CLÓ** an dioscúrsa léannta a spreagadh agus a chothú trí ardán foilsitheoireachta a chur ar fáil do scoláirí ar fud na cruinne ar mian leo a gcuid taighde a fhoilsiú i nGaeilge. Freagra ar an riachtanas le fearas nua foilsitheoireachta a chur i dtoll a chéile is ea **CLÓ**, ionas go mbeadh seachadadh scoláireacht agus taighde i Léann na Gaeilge slán sna blianta amach romhainn. Togra tras-institiúideach Ollscoile is ea **CLÓ** i bpáirt leis an teach foilsitheoireachta **COMHAR**.

Tá baill Choiste Maoirseoireachta **CLÓ** freagrach as gach céim de phróiseas an fhoilsithe a bhainistiú, ar a n-áirítear: coimisúnú leabhar; an próiseas piarmheasúnaithe; eagarthóireacht agus cóipeagarthóireacht; dearadh, clóchurdaóireacht agus priontáil; seoladh agus margú na leabhar; dáileadh agus díolachán na leabhar; cóipeanna léirmheasa a sheachadadh go dtí irisí léannta. Mar thoradh ar an obair seo atá ar bun againn le tamall de bhlianta anuas, tá tuiscint mhaith againn ar na dúshláin agus na féidearthachtaí a bhaineann le saothair acadúla Gaeilge ar ardchaighdeán a fhoilsiú.

## FOILSITHEOIREACHT ACADÚIL NA GAEILGE

Tá borradh mór tagtha ar scríbhneoireacht acadúil na Gaeilge ó lár an chéid seo caite a bhuíochas leis na tréan-iarrachtaí a rinne scoláirí ón am sin amach forbairt ar dhéanamh ar an nGaeilge mar theanga chritice agus mar mheán chun taighde úrnua a chur faoi bhráid an phobail. Anois, is i nGaeilge a scríobhtar formhór na dtráchtas Máistreachta agus formhór na dtráchtas Dochtúireachta a bhaineann le réimse na Nua-Ghaeilge agus foilsítear leabhair agus ailt acadúla i nGaeilge ar bhonn rialta.

Ní mór do scoláirí léinn an lae inniu a gcuid taighde a fhoilsiú chun dul chun cinn a dhéanamh sa saol acadúil agus muna bhfuil deiseanna ar fáil leabhair Ghaeilge a fhoilsiú, tá an baol ann go n-iompóidh siad ar thorthaí a gcuid taighde a fhoilsiú i mBéarla amháin. Le tamall de bhlianta anuas, tá cuid de na foilsitheoirí acadúla Gaeilge is bisiúla agus is fearr dá raibh ann imithe uainn. Dhá shampla is féidir a lua ná Cois Life a dhún síos sa bhliain 2019 agus An Clóchomhar nach ann dó níos mó ach an oiread. Bunaíodh **CLÓ** chun an bhearna seo a líonadh agus chun a chinntiú go mbeadh scoláirí na Gaeilge idir óg agus aosta in ann a gcuid taighde a chur faoi bhráid an phobail i nGaeilge. Tá maoiniú agus tacaíocht de dhíth chun foilsitheoireacht acadúil na Gaeilge (agus foilsitheoireacht na Gaeilge i gcoitinne) a fhorbairt agus a chur chun cinn. Tugaimid motaí thíos.

## MOLTAÍ

### Tacaíocht do Scoláirí Óga

Ba mhaith an rud é scéim mhaoinithe a chur ar bun chun traenáil a chur ar fáil do scoláirí óga a bhfuil sé i gceist acu saothar foilsithe a dhéanamh de thráchtas MA / PhD / obair pháirce. D'fhéadfadh dhá ghné a bheith i scéim dá leithéid: tréimhsí sabóideacha chun na scileanna scríbhneoireachta a chothú agus a fhorbairt i réimsí éagsúla, agus tacaíocht ó mheantóirí a bhfuil taithí acu ar an bhfoilsitheoireacht acadúil. An bhfhéadfaí cuid de scéim meantóireachta Fhoras na Gaeilge a dhíriú ar mhic léinn taighde agus ar scoláirí óga?

### Forbairt Scileanna

Ba mhaith an rud é cúrsaí ollscoile a chruthú chun scileanna eagarthóireachta a mhúineadh do mhic léinn a bhfuil suim acu sa réimse seo; nó d'fhéadfaí modúil ar an ábhar sin a chur leis na céimeanna BA atá ann cheana féin. D'fhéadfaí tréimhsí oiliúna a chruthú trí dheis a thabhairt d'fhoilsitheoirí cur isteach ar mhaoiniú chun na scileanna seo a mhúineadh do mhic léinn ag tabhairt faoi chúrsaí den sórt seo.

### Ríomhleabhair agus Cluasleabhair

Níl ach fíorbheagán ríomhleabhar agus cluasleabhar le fáil i nGaeilge. Tá gá le tacaíocht theicniúil do fhoilsitheoirí na Gaeilge (acadúil agus eile) chun breis a sholáthar agus chun cluasleabhair agus ríomhleabhair i nGaeilge a dháileadh go héifeachtach.

### Feiceálacht

Ní mór cur le feiceálacht na leabhar Gaeilge sna meáin Bhéarla. Ba mhaith an rud é breis léirmheasanna ar leabhair Ghaeilge a fheiceáil i nuachtáin agus in irisí agus breis plé ar leabhair Ghaeilge a bheith le clos ar an raidió agus ar an dteilifís. Ba chóir feasacht a ardú i measc an ghnáthphobail, ní pobal na Gaeilge amháin.

Ba mhaith an rud é leabhair a nascadh le ranganna/imeachtaí Gaeilge do dhaoine fásta; clubanna leabhar; imeachtaí a eagrú a bhaineann le leabhair nuafhoilsithe. Bíonn fíorshuim

Cló Léann na Gaeilge ag an bpobal in ábhar áitiúil - cúrsaí staire/béaloidis, etc. – ba chóir ábhar áitiúil a chur ar fáil i nGaeilge.

### Leabharlanna

Ní mór seisiúin oiliúna ar fhoilsitheoireacht na Gaeilge a eagrú do leabharlannaithe na tíre, leabharlanna poiblí agus leabharlanna acadúla araon, agus córas a bhunú chun eolas ar leabhair Ghaeilge a scaipeadh ar na leabharlanna seo.

### Taighde

B'fhiú go mór taighde cuimsitheach a dhéanamh ar spriocmhargaí féideartha - an dtagann na deacrachtaí céanna chun cinn i mionteangacha eile? D'fhéadfaí plean gnímh a chur le chéile bunaithe ar na torthaí agus grúpa daoine a fhostú chun an plean a chur i bhfeidhm.

## Ábhar Léitheoireachta

Léiríonn na freagraí a fuair **CLÓ** ar shuirbhé a sheolamar go dtí léachtóirí Gaeilge na tíre go bhfuil géarghá le leabhair a bhaineann le réimsí acadúla éagsúla, bunaithe ar na cúrsaí a mhúintear ag an tríú leibhéal.

I réimse na foilsitheoireachta i gcoitinne, tá gá le hábhar léitheoireachta mealltach agus oiriúnach do dhéagóirí agus do dhaoine óga, ar a n-áirítear mic léinn ollscoile: is minic a chailltear suim sa léitheoireacht ag an aois seo.

## Athchlónna

Ba chóir a chinntiú go gcuirtear leabhair Ghaeilge a bhfuil tóir orthu i gcló arís nuair is gá.